Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/2806

21.5.2025

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Bealtaine 2025

## lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don Fhionlainn

(C/2025/2806)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta ([1]), agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 21 Meán Fómhair 2020 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse ón 20 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Henna HUHTAMÄKI a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Fionlainne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Sanna KUORIKOSKI ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Henna HUHTAMÄKI, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

B. NOWACKA

([1]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1).